

Dáta	Leibhéal Ranga Rang a Trí agus Rang a Ceathair	Ábhar Eolaíocht
Snáithe Fuinneamh agus Fórsaí	Snáithaonad Maighnéadas agus Leictreachas	
Teideal Compás a Dhearadh agus a Dhéanamh.		
Cuspóir(i) An gaol idir maighnéid agus compáis a iniúchadh.		
Scileanna atá Riachtanach Ag Dearadh agus ag Déanamh: ag iniúchadh, ag pleanáil agus ag déanamh.		
<p>Cuspóirí Foghlama</p> <p>Cuirfear ar chumas an linbh:</p> <p>Foghlaim faoi cad is compás ann agus faoin úsáid a bhaintear as.</p> <p>Foghlaim faoi conas a úsáidtear maighnéid chun compás a dhéanamh.</p> <p>Compás simplí a dhéanamh ina mbeirteanna.</p> <p>A chruinne atá an compás a sheiceáil le feidhmchlár compáis nó le compás iarbhír.</p>	<p>Gníomhaíochtaí Foghlama</p> <p>Cur Chuige faoi Threoir an Mhúinteora:</p> <p>Mura bhfuil tuiscint roimhe ag na leanaí ar mhaighnéid ná ar réimsí maighnéadacha, d'fhéadfadh gurbh fhiú ceacht a dhéanamh ar phoil urchomhaireacha agus ar aomadh agus éaradh. Agus leas á bhaint as clár bán maighnéadach, iarr ar na daltaí a chinneadh cé acu a aomfaidh nó a éarfaidh péirí maighnéad a chéile. Má rinne na leanaí staidéar ar mhaighnéadas agus iad níos óige, taispeáin pictiúr de chompás do na leanaí ag tús an cheachta. Fiafraigh díobh cad é atá ann. Mura bhfuil na leanaí cinnte, mínigh dóibh gur uirlis é a chabhraíonn le daoine bogadh sa treo ceart. Bíonn sé á úsáid ag siúlóirí, in eitleáin agus, ar ndóigh, i longa.</p> <p>Labhairt agus Plé agus ábhair a iniúchadh le sairse:</p> <p>Roinn na daltaí ina mbeirteanna. Mínigh dóibh gurb é an chéad chéim ná píosa ciorclach a ghearradh amach as ábhar a shnámhfaidh i mbabhla uisce.</p> <p>D'fhéadfaí rogha ábhar a sholáthar agus d'fhéadfadh na daltaí na hábhair sin a</p>	

thástáil agus an ceann is fearr díobh a roghnú (má shnámhann an t-ábhar ar an uisce, is ábhar maith é le compás a dhéanamh as; má théann an t-ábhar faoin uisce, ní ábhar maith é le compás a dhéanamh as).

Labhairt agus plé agus imscrúdú:

Is é an chéad chéim eile ná an tsnáthaid a mhaighnéadú. Déantar é sin ach an tsnáthaid a chuimilt leis an maighnéad tríocha nó daichead uair in aon treo – níor cheart í a chuimilt anonn is anall.

Imscrúdú:

Ina dhiaidh sin, cuir an tsnáthaid ar an gciorcaíl agus cuir í i lár an bhabhla uisce. Feicfidh na daltaí go dtosóidh an tsnáthaid ag casadh go mall agus go mbeidh a haghaidh ó thuaidh faoi dheireadh. Iarr ar na daltaí treo a snáthaide a chur i gcomparáid le treo snáthaidí eile in aice leo. An bhfuil aghaidh a snáthaide ag féachaint amach sa treo céanna?

Mínigh go bhfuil na snáthaidí ag féachaint amach i dtreo an phoil mhaighnéadaigh thuaidh. Is féidir an méid sin a dheimhniú le feidhmchlár compáis ar fhón cliste nó le compás.

	<p>Acmhainní</p> <p>Bioráin nó snáthaidí fuála: Cinntigh go mbeidh na leanaí cúramach toisc gur géar atá snáthaidí agus bioráin.</p> <p>Maighnéid</p> <p>Babhlaí uisce</p> <p>Píosa ciorclach de pháipéar nó de chúrphlaisteach, nó d'fhéadfaí duilleog a úsáid anseo freisin.</p> <p>Fón a bhfuil feidhmchlár compáis aige nó Compás.</p>
<p>Difreáil</p> <p>Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p>Measúnú</p> <p>Breathnú agus ceistiú ag an múinteoir.</p> <p>Féinmheasúnú ach feidhmchlár compáis nó compás a úsáid chun a chruinne atá an compás a sheiceáil.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú</p> <p>Teanga bhéil: Cuirfidh na leanaí síos ar an turgnamh agus pléifidh siad modhanna lena gcomhpháirtí.</p> <p>Tíreolaíocht: Bainfidh na daltaí úsáid as téarmaí treo-aimsitheacha, rud a chabhróidh leo tabhairt faoi obair léarscáile. Forbróidh siad tuiscint níos fearr d'áit agus do spás.</p>	